

Buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le saol an déagóra (2013, 2014, 2016)

Caithfidh mé a rá gur chuir teideal na haiste seo ag smaoineamh mé. ‘Mol an Óige is tiocfaidh sí’. Nach é sin ceann de na seanfhocail is **coitianta** (common) atá ann ar feadh na mblianta. Ní peaca an tseanaois ní suáilce an óige. Bíonn buntáistí agus míbhuntáistí ann. Deir chuile ghlúin bheo go bhfuil cúrsaí an tsaoil níos éasca ag an gcéad ghlúin eile ná mar a bhíodh acu féin. Tá sé sin nádúrtha, go háirithe nuair atá tú ag caint faoi dhaoine idir dhá bhliain déag d’aois agus naoi mbliana déag d’aois. Is **deighilt** (division) aoise mhór í sin ar go leor bealaí.

I dtús báire, táim ag ceapadh go mbeadh sé fíor le rá, gurb iad na déagóirí go léir na daoine is **ilchineálaí** (heterogeneous) agus is **spontáiní** (spontaneous) ar an domhan. Ag an am seo i saol an duine, bíonn muid ag lorg ár n-eisinte féin. Téann an déagóir tríd a lán athruithe. Táimid ag fágáil, freisin, laethanta **neamhbhuartha na hóige** (carefree of the youth). Nuair a chuireann tú gach rud le chéile, tá gnáthshaol an déagóra lán le strus agus imní an t-am ar fad. Cad tá le déanamh chun an fhadhb seo a leigheas? I ndáiríre, dar liomsa, is iad do chairde ag a bhfuil a leigheas is fearr. “Giorraíonn beirt bóthar!” Má tá fadhbanna sóisialta agat, is féidir leat dul go dtí do **chomhairleoir** (adviser) i do scoil chun comhairle a fháil uaithi/uaidh, ach níl sé sin chomh héasca agus bheith ag caint le cara.

Cuireann siad suas le cuid mhór deacrachtaí agus fadhbanna chomh maith. Ar an gcéad dul síos, bíonn daoine óga i gcónaí faoi bhrú ag an gcóras oideachais. Ní bhíonn siad ábalta post maith a fháil gan Ardteist mhaith agus pointí arda, go háirithe nuair atá cúrsaí eacnamaíochta mar atá siad faoi láthair. Caithfidh siad dul i ngleic le fadhbanna nach raibh ag a dtuismitheoirí riamh. Tá **sciúirse na ndrugaí** (the scourge of drugs) i bhfad níos forleithne ná riamh. Bíonn brú ar dhaoine óga drugaí agus alcól a thógáil gach deireadh seachtaine. Beagnach gach lá ar scoil, feicim na déagóirí óga ag féachaint ar na daoine sna blianta **sinsearacha** (senior) agus bíonn an-tionchar acu ar na daoine óga sin. Bíonn siad ag éisteacht leis na scéalta faoi ruaille buaille ag an deireadh seachtaine nuair a bhíonn siad sa dioscó agus iad ag insint faoi na hoícheanta ragairne a bhíonn de shíor acu. Ceapann na daoine óga seo go bhfuil sé seo “go snasta” - bheith amuigh ar na

cannaí gach oíche. Measaim, gurb iad seo na daoine nach bhfuil go leor **féinmhuiníne** (self-confidence) iontu féin agus mar sin teastaíonn uathu aithris a dhéanamh ar dhuine atá “snásta” dar leo. Ach sa deireadh níl ann ach scigaithris mhagúil ar dhuine éigin eile. Tarlaíonn sé seo i ngach áit. Ó na háiteanna is saibhre go dtí na háiteanna is boichte. Is féidir leis an duine seo fás suas ina gcoirpeach. Caithfidh mé an seanfhocal seo a úsáid chun mo phointe a léiriú, “Deartháir don ghadaíocht an t-ólachán”. Is é an t-alcól an fhadhb is mó a bhíonn ag cur le coiriúlacht sa tír seo faoi láthair. Cé go mbíonn fadhbanna eile ann freisin amhail drugaí, dífhostaíocht agus **loitiméireacht** (vandalism) is é an t-ól de ghnáth an bhunchúis a bhíonn leo go léir. Ní thagann aon sonas fadtéarmach ó bhéal an bhuidéil!

Mar a bheifeá ag tnúth le, tá an ghlúin óg atá ag éirí anois báite i saol na teicneolaíochta. Gach rud ó Facebook agus Snapchat go YouTube, Twitter agus Instagram! Is féidir leis an nuatheicneolaíocht cur go mór le **caighdeán maireachtála** (standard of living) an duine óig faoi láthair. Tá fás ollmhór tagtha ar láithreáin líonraithe shóisialta le blianta beaga anuas agus caitheann déagóirí a lán ama ar an Idirlíon. Bímid i gcónaí ag úsáid an Idirlín chun an nuacht a fháil nó chun caint lenár gcairde ar na meáin shóisialta. Táimid in ann aon phíosa eolais ar bith a fháil le brú cnaipe! Is é an t-Idirlíon an tslí is éasca agus is saoire le nuacht a sheoladh ó áit go háit anois. Tá sé go hiontach nuair is mian liom dul i dteagmháil ar an toirt le mo chairde. Éisteanн ógánaigh le ceol air, féachann said ar an teilifís ar líne, bíonn said ag íoslódáil agus ag siopadóireacht- fad’s atá **cárta creidmheasa** (credit card) acu! Gan amhras tá **féidearthachtaí** (possibilities) iontacha ag baint leis an teicneolaíocht seo ar fad, ach tá míbhuntáistí ag baint leis. Ach, caithfidh mé an eilifint sa seomra a lua...**cíbearbhulaíocht** (cyber bullying). Rómhinic a tharlaíonn sé. Bíonn an bhulaíocht seo le feiceáil gach uile lá ar Facebook agus Instagram idir daoine óga. Feictear déagóirí ag **spochadh** (mocking) as déagóirí **soghonta** (innocent) eile. Ní fheiceann an bulaí sin isteach i súile an **íospartaigh** (victims). Ní fheiceann said an phian agus an fhulgaint. Cloistear scéalta faoi dhaoine óga ag cur lámh ina mbás féin de bharr an saghas seo bulaíochta. Is bagairt í sin don tsochaí go ginearálta, ach is daoine óga is mó a bhíonn thíos léi. Dar ndóigh ní mór do dhaoine óga bheith freagach agus aireach mar tá sé an-deacair an chibearbhulaíocht a stopadh. Gan amhras ar bith, baineann maitheas agus donas leis an Idirlíon. Dar liomsa, áfach, nuair a chuirtear gach argóint san áireamh tá i bhfad níos mó buntáistí i gcóir an óige ná míbhuntáistí ag baint leis an Idirlíon. Dá bhrí sin, taitníonn an Idirlíon go mór leis an óige. Tá ré na teicneolaíochta linn agus níl sé ag dul aon áit!

Chomh maith le sin, tá an suim ag daoine óga i gcúrsaí sóisialta. Tá an timpeallacht an-tábhachtach go deo do mhuintir an domhain mhóir agus sin í an chúis is dócha go mbíonn aird na ndaoine óga ar an ábhar seo. Nuair a bhíonn fadhb shóisialta éigin faoi chaibidil, cuirtear an milleán ar dhaoine óga go minic. Ach is iadsan atá ag dul i ngleic le **tionscal na feola** (meat industry) ag caitheamh saol na veigeatóirí nó véigean. Ceapaim go bhfuil níos mó **feasachta** (awareness) ag daoine óga i dtaobh “Faisean Gasta” freisin, rud eile a dhéanann dochar do shláinte an phláinéid. Creideann daoine óga go bhfuil an iomarca truailliú agus an iomarca bruscair le feiceáil timpeall na tíre. Tá na daoine óga seo buartha faoina dtodhchaí. Tuigtear dóibh gur cuma le daoine áirithe faoina dtimpeallacht. Feiceann said go bhfuil go leor ag athrú sa domhan inniu! Tá daoine óga na tíre buartha faoi **dhaoine gan dídean** (homelessness) freisin. Ar an gcéad dul síos, feictear na daoine bochta seo ar shráideanna na cathracha móra lá i ndiaidh lae. Is iad daoine óga an lae inniu na daoine atá ag troid ar son na ndaoine atá ar an ngannchuid. Tá méid ollmhór daoine óga ina mbaill de na heagraíochtaí **deonacha** (voluntary) agus **carthanacha** (charity) atá ag déanamh iarrachta seirbhísí a chur ar fail dóibh siúd atá gan dídean. Is léir go bhfuil suim ag daoine óga sna fadhbanna sóisialta atá ag crá agus ag creimeadh na tíre.

Gan amhras ar bith, baineann maitheas agus donas le saol an déagóra. Dar liomsa, áfach, nuair a chuirtear gach argóint san áireamh, tá i bhfad níos mó buntáistí ná míbhuntáistí ag baint le saol an déagóra. Labhair mé faoi na buanna agus na laigí. Is maith an rud a bheith ag caint faoi ar aon nós dar liom.